

Níl sé ceart go leor!

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chainteoirí Gaeilge atá ag gearán ar Twitter. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh an cheist thíos leis an duine in aice leat:

An bhfuil tú féin ar Twitter? Cén fáth?



Ceist 2

Gan féachaint ar an mír go fóill, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

| | |
|--|-------|
| <i>campaign</i> | _____ |
| <i>going from strength to strength</i> | _____ |
| <i>negative things</i> | _____ |
| <i>hashtag</i> | _____ |
| <i>belittling them</i> | _____ |
| <i>creative</i> | _____ |
| <i>ridiculous</i> | _____ |
| <i>it developed and it grew</i> | _____ |
| <i>in the future</i> | _____ |
| <i>people should not demean us</i> | _____ |
| <i>trending</i> | _____ |

Féach ar an tuairisc le seiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3

Féach ar an tuairisc arís agus breac síos an oiread eolais agus is féidir faoin scéal. Ansin féach cad a bhí ag an duine in aice leat.

Ceist 4

Cuir Gaeilge ar na giolcacha seo thíos.

“I suppose you’re getting a grant for it and all...”

“They sat at the table next to us speaking Chinese the whole night. It ruined the meal for us.”

“Shakespeare was beat into me, so I hate English.”

“Give me your name in English there, or does it have to be in Polish?”

Ceist 5 ‘...ní bheadh aon iontas orm...’

1. Bain úsáid as na briathra thíos chun na rialacha a bhaineann leis an modh coinníollach a léiriú. Bíodh an saorbhriathar, an fhoirm cheisteach agus na freagraí dearfacha agus diúltacha san áireamh agat.

mol, éist, beannaigh, inis

2. Lión na bearnaí sa tábla thíos leis an bhfoirm cheart de na briathra mírialta. Tá an chéad cheann déanta duit.

| Briathra mírialta | An fhoirm cheisteach | An freagra dearfach | An freagra diúltach |
|-------------------|----------------------------|---------------------|---------------------|
| Abair | <i>An ndéarfadh sé...?</i> | <i>Déarfadh.</i> | <i>Ní déarfadh.</i> |
| Beir | | | |
| Bí | | | |
| Clois | | | |
| Déan | | | |
| Faigh | | | |
| Feic | | | |
| Ith | | | |
| Tabhair | | | |
| Tar | | | |
| Téigh | | | |

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Ar caitheadh anuas ort féin riamh as a bheith ag labhairt Gaeilge? Cad a tharla?
2. Cén fáth a bhfuil dearcadh diúltach ag go leor daoine i leith na Gaeilge in Éirinn, dar leat?
3. Níl cearta teanga ar bith ag go leor daoine ar fud an domhain a mbíonn mionteangacha á labhairt acu. An gceapann tú go bhfuiltear ag dul thar fóir le feachtas #Nílsécgl?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2

| | |
|--|--|
| <i>campaign</i> | feachtas |
| <i>going from strength to strength</i> | ag dul ó neart go neart |
| <i>negative things</i> | nithe diúltacha |
| <i>hashtag</i> | haischlib |
| <i>belittling them</i> | ag caitheamh anuas orthu |
| <i>creative</i> | cruthaitheach |
| <i>ridiculous</i> | áiféiseach |
| <i>it developed and it grew</i> | d'fhorbair sé agus d'fhás sé |
| <i>in the future</i> | amach anseo |
| <i>people should not demean us</i> | níor chóir go mbeadh daoine ag déanamh beag dinn |
| <i>trending</i> | ag treochtáil ('ag trendáil' a dúradh sa mhír) |

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

"I suppose you're getting a grant for it and all..."

Is dócha go bhfuil tú ag fáil deontais agus mar sin de...

"They sat at the table next to us speaking Chinese the whole night. It ruined the meal for us."

Bhí siad ina suí ag an mbord in aice linn agus iad ag spalpadh Sínise an oíche ar fad. Mhill sé an béile orainn.

"Shakespeare was beat (beaten) into me, so I hate English."

Cuireadh iallach orm Shakespeare a fhoghlaim, agus tá fuath agam ar an mBéarla dá bharr sin.

"Give me your name in English there, or does it have to be in Polish?"

Tabhair dom d'ainm i mBéarla, nó an gcaithfidh sé bheith i bPolainnis?

Ceist 5

1.

| Mol | Éist | Beannaigh | Inis |
|---------------|------------------|----------------|----------------|
| mholfaínn | d'éistfinn | bheannóinn | d'inseoínn |
| mholfá | d'éistfeá | bheannófá | d'inseofá |
| mholfadh sé | d'éistfeadh sé | bheannódh sé | d'inseodh sé |
| mholfadh sí | d'éistfeadh sí | bheannódh sí | d'inseodh sí |
| mholfaimis | d'éistfimis | bheannóimis | d'inseoimis |
| mholfadh sibh | d'éistfeadh sibh | bheannódh sibh | d'inseodh sibh |
| mholfaidís | d'éistfidís | bheannóidís | d'inseoidís |

| | | | |
|--|---|---|--|
| Saorbhriathar: mholfaí | Saorbhriathar: d'éistfí | Saorbhriathar: bheannófaí | Saorbhriathar: d'inseofaí |
| *An molfadh sé...? Mholfadh. Ní mholfadh. | An éistfimis...? D'éistfeadh. Ní éistfeadh. | An mbeannófaí...? Bheannódh. Ní bheannódh. | An inseodh sí...? D'inseodh. Ní inseodh. |

2.

| Briathra mírialta | An fhoirm cheisteach | An freagra dearfach | An freagrach diúltach |
|-------------------|----------------------------|------------------------------|------------------------------------|
| Abair | <i>An ndéarfadh sé...?</i> | <i>Déarfadh.</i> | <i>Ní déarfadh.</i> |
| Beir | An mbéarfadh sí...? | Bhéarfadh. | Ní bhéarfadh. |
| Bí | An mbeidís...? | Bheadh. | Ní bheadh. |
| Clois | An gcloisfinn...? | Chloisfeadh./ Chloisfinn. | Ní chloisfeadh./ Ní chloisfinn. |
| Déan | An ndéanfadh sí...? | Dhéanfadh. | Ní dhéanfadh. |
| Faigh | An bhfaighfeá...? | Gheobhadh./ Gheobhainn. | Ní bhfaigheadh./ Ní bhfaighinn. |
| Feic | An bhfeicimis...? | D'fheicfeadh. | Ní fheicfeadh. |
| Ith | An íosfá...? | D'íosfadh./ D'íosfainn. | Ní íosfadh./ Ní íosfainn. |
| Tabhair | An dtabharfaidís...? | Thabharfadh. | Ní thabharfadh. |
| Tar | An dtiocfadh sí...? | Thiocfadh. | Ní thiocfadh. |
| Téigh | An rachainn...? | Rachadh./ Rachainn. | Ní rachadh./ Ní rachainn. |

* Seachas sa chéad phearsa uatha, níor cheart forainm (**sé, sí,** etc.) a úsáid agus freagra dearfach nó diúltach á thabhairt ar cheist sa mhodh coinníollach. Tá rogha ann sa chéad phearsa uatha an fhoirm tháite a úsáid (e.g. Déarfainn.) nó an briathar lom (e.g. Déarfadh.)

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Tá feachtas ar a dtugtar ‘níl sé ceart go leor’, a tosaíodh ar an gcóras *Twitter* an tseachtain seo, ag dul ó neart go neart agus é feicthe ag breis is milliún duine go dtí seo. Deis atá anseo do na Gaeil scéalta a roinnt faoi nithe diúltacha a dúradh leo mar gheall ar an nGaeilge.

Áine Lally

Le cúpla lá anuas, bhí deis ag pobal na Gaeilge na heachtraí diúltacha a tharla dóibh agus iad ag úsáid Gaeilge a roinnt lena chéile ar an haischlib #Nílséagl, nó ‘níl sé ceart go leor’. Is í an scríbhneoir agus múinteoir Ciara Ní É a chuir tús leis an bhfeachtas seo. Tá scéalta ann – cuid acu atá greannmhar agus cuid eile atá dáiríre – ó dhaoine ag caitheamh anuas orthu mar gheall ar go raibh Gaeilge á húsáid acu.

Le bheith cruthaitheach ar *Twitter* leis an haischlib #Nílséagl, d’úsáid cuid de na daoine teanga eile, cé go raibh siad ag tagairt don Ghaeilge, lena samplaí a thabhairt.

Ciara Ní É, Scríbhneoir agus Múinteoir

Bhí mé ag iarraidh rud éigin a chruthú a léireodh do dhaoine nach bhfuil Gaeilge acu cé chomh háifeiseach is a bhíonn roinnt de na ráitis a chloisimid faoin teanga. Agus bliain na Gaeilge atá ann so bíonn an-chuid ráitis áifeiseacha á gcloisteáil¹ againn ar fad.

Bhuel, is dócha *just*, cuid de na ráitis ... an bealach ar² chas siad iad, bhí sé an-chliste agus spéisiúil, mar shampla: *Shakespeare was beat into me, so I hate English*. Ní chloisfeá a leithéid. Nó *Give me your name in English there, or does it have to be in Polish?* Ach *em*, ansin, d’fhorbair sé agus d’fhás sé.

Julian de Spáinn, Ard-Rúnaí, Conradh na Gaeilge

Sílim go mbeidh sé... go seasfaidh na samplaí seo dúinn, go mbeidh siad úsáideach nuair atáimid ag plé le polaiteoirí nó nuair atáimid ag plé leis an lucht gur gá cinntí a dhéanamh amach anseo, agus sílim go mbeidh deis againn anois dul ar ais chuig meáin an Bhéarla agus a thaispeáint dóibh go bhfuilimid ann, go bhfuil an ceart againn, agus nár chóir go mbeadh daoine ag déanamh beag dínn, agus muid ag úsáid na Gaeilge.

Áine Lally

Is cinnte gur tháinig fás sciobtha ar an bhfeachtas seo. Tá Lorg Media, comhlacht cumarsáide digítí ag coinneáil súil ar an gcuntas *Twitter*.

Méabh Ní Thuathaláin, Lorg Media

Cuireadh tús leis an fheachtas³ Dé Domhnaigh ag am lóin agus bhí...cuireadh an-spéis ann i rith an lae agus bhí sé ag trendáil⁴ i mBaile Átha Cliath oíche Dhomhnaigh. Go dtí seo, tá an haischlib ‘níl sé ceart go leor’ feicthe ag thart ar mhilliún duine agus ní bheadh aon iontas orm dá mbeadh sé ag trendáil⁴ arís go luath.

Áine Lally, Nuacht TG4.

¹ á chloisteáil a dúradh

² gur chas a dúradh

³ córas Uladh

⁴ ag treochtáil an leagan údarásach